

Treoir maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

1 Réamhrá

- 1.1 Is é is cuspóir don nóta treorach seo achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis fhíorthábhachtach i ndáil le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú.
- 1.2 Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (“ÚRSD” anseo ina dhiaidh seo) faoi cheangal faoi Chuid 9 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (“an tAcht” anseo ina dhiaidh seo) Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.
- 1.3 Cuireadh tús le feidhm na bhforálacha i gCuid 9 den Acht a bhaineann le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha an 29 Meitheamh 2018.
- 1.4 Is clár dinimiciúil poiblí é Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha de na habhcóidí go léir atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.
- 1.5 Leanfaidh Cumann Onórach Óstaí na Rí (“Óstaí na Rí” anseo ina dhiaidh seo) den rolla d’abhcóidí cáilithe a chothabháil, ach is ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha arna chothabháil ag ÚRSD a bheidh an liosta críochnaitheach d’abhcóidí atá ag cleachtadh de thuras na huaire.

2 An Rolla

- 2.1 Faoi alt 133(1) den Acht, tá ÚRSD faoi cheangal Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil agus, laistigh de shé mhí tar éis an tosach feidhme (“céim an bhunaithe”) ainm gach duine ar abhcóide cleachtach é nó í an dáta tosach feidhme a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- 2.2 Faoi Acht 2015, féadfaidh ÚRSD faisnéis bhreise a fhéadfaidh a bheith ar an Rolla a fhorordú le rialacháin lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cáilíochtaí gairmiúla agus réimsí saineolais. Tá cinneadh déanta ag ÚRSD gan faisnéis bhreise den sórt sin a áireamh díreach anois ach coinneofar an méid sin faoi athbhreithniú.

- 2.3 Faoi alt 134(1) den Acht, ní foláir do gach duine a bheidh glaoite chun Barra na hÉireann agus a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide iarratas a dhéanamh chun an Údaráis chun a ainm nó a hainm a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- 2.4 Déanfaidh an tÚdarás, ar bheith deimhin dó gur abhcóide cáilithe an t-iarratasóir agus go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar dó in ord, ainm an abhcóide sin a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- 2.5 Tá na mínithe ar “abhcóide cleachtach” agus “a sholáthraíonn seirbhísí dlí mar abhcóide” an-leathan. Taispeánann na sainmhínithe ábhartha ag ailt 2 den Acht (*Fch. Foscríbhinn*)
- 2.6 Ba chóir duit na nithe seo a leanas, go háirithe, a thabhairt do d’aire:
- (a) Ní chinnfear gur abhcóide cleachtach duine mar go dtugann sé nó sí le tuiscint gur abhcóide é nó í;
 - (b) Ní chinnfear gurb ionann gníomhaíocht agus seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide de bharr go bhfuil táille íoctha;
 - (c) Ní chinnfear gurb ionann gníomhaíocht agus seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide de bharr go bhfuil duine ag gníomhú faoi chonradh seirbhíse nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí;
 - (d) Is ionann gníomhaíocht arb éard í comhairle dlí a sholáthar do dhuine eile, arna gabháil de lámh ag abhcóide cáilithe, agus seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide. Tá an míniú san Acht ar ‘comhairle dlí’ an-leathan agus níl ach líon beag eisceachtaí ann(*Fch. Foscríbhinn*).
- 2.7 Aon abhcóide cáilithe a bhí ag gabháil do ghníomhaíocht a thagann faoi réim an mhínithe ar “seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide”, cibé acu faoi chonradh seirbhíse, nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí nó ar shlí eile, agus a bheartaíonn leanúint de sheirbhísí den sórt sin a sholáthar, is abhcóide cleachtach é nó í chun críocha an Achta agus ba chóir dó nó di iarratas a dhéanamh chun é nó í a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- 2.8 Aon abhcóide cáilithe nach bhfuil seirbhísí dlí soláthraithe aige nó aici mar abhcóide, ach a bhfuil sé beartaithe anois aige nó aici déanamh amhlaidh, ba chóir dó nó di freisin iarratas a dhéanamh chun é nó í a thaifeadadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- ### 3 Cionta Coiriúla
- 3.1 Faoi alt 136 den Acht, is cion é, tar éis na tréimhse bunaithe dá dtagraítear thuas, seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide tráth nach mbeidh ainm an duine ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

- 3.2 Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi alt 136 den Acht, dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, téarma príosúnachta suas go dtí dhá bhliain, nó fíneáil de mhéid suas le €30,000, nó iad araon, a chur air nó uirthi agus tá smachtbhannaí is lú ann i gcás go ndéanfar duine a chiontú go hachomair. Aon duine a sháróidh an tAcht ar an gcaoi sin i ndáil le cúirt bhreithiúnais, beidh sé nó sí ciontach i ndíspeagadh ar an gcúirt sin freisin agus déanfar é nó í a phionósú dá réir sin.
- 3.3 Tá cion eile faoi alt 137 den Acht arb éard é duine nach “abhcóide cáilithe” do chur i gcéill gur abhcóide cáilithe é nó í.

4 An Tobhach

- 4.1 Níor cuireadh tús le feidhm Chuid 7 den Acht dar teideal “*Tobhach a Fhorchur ar Chomhlachtaí Gairmiúla agus ar Abhcóidí Áirithe faoi chomhair Chaiteachais an Údaráis agus an Bhinse Araíonachta*” go fóill.
- 4.2 Nuair a chuirfeair tús le feidhm na bhforálacha iomchuí a bhaineann leis an tobhach, beidh gach abhcóide cleachtach, mura mbeidh sé nó sí díolmhaithe, faoi dhliteanas ranníoc tobhaigh a íoc.
- 4.3 Más rud é gur comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide cleachtach, baileoidh Barra na hÉireann an ranníoc tobhaigh uaidh nó uaithi, agus íocfaidh an comhlacht sin ranníoc tobhaigh carnach leis an ÚRSD thar ceann na n-abhcóidí sin.
- 4.4 Más rud é nach comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide cleachtach, agus nach bhfuil sé nó sí díolmhaithe ón tobhach a íoc, gheobhaidh sé nó sí fógra measúnachta tobhaigh aonair ón ÚRSD.
- 4.5 Faoi alt 96(3) den Acht, áirítear ar na hiarmhairtí atá ann i gcás nach n-íocfar an ranníoc tobhaigh go bhféadfar duine a bhaint de Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
- 4.6 Faoi alt 97 den Acht, tá sé d’oibleagáid ar abhcóidí cleachtacha atá ‘i seirbhís lánaimsire an Stáit’ a bheith ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, ach beidh siad díolmhaithe ó aon íocaíochtaí tobhaigh.

5 Árachas

- 5.1 Faoi alt 46 den Acht, tar éis a thosach feidhme, beidh gach abhcóide cleachtach faoi cheangal polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a bhunú agus a chothabháil i leith a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí.
- 5.2 Faoi alt 47 den Acht, tar éis a thosach feidhme, déanfaidh ÚRSD rialacháin i ndáil leis an árachas slánaíochta gairmiúla a cheanglaítear ar abhcóidí cleachtacha a chothabháil. Féadfar a shonrú sna rialacháin sin na himthosca

ina bhféadfar abhcóidí cleachtacha áirithe a dhíolmhú ón gceanglas polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a bhunú.

6 Fostaíocht Íoctha

- 6.1 Faoi alt 212 den Acht, tar éis a thosach feidhme, féadfaidh abhcóide a mbeidh a ainm nó a hainm taifeadta ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha glacadh le fostaíocht íoctha (lena n-áirítear fostaíocht pháirtaimseartha) agus, mar chuid den fhostaíocht sin, seirbhísí dlí a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir, lena n-áirítear láithriú thar ceann an fhostóra sin i gcúirt, i mbinse nó i bhfóram le haghaidh eadrána.

ÚRSD Deireadh Fómhair 2018

FOSCRÍBHINN:

Alt 2, An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 – Mínithe Iomchuí

Ciallaíonn “abhcóide cleachtach” duine—

- (a) is abhcóide cáilithe, agus
- (b) a sholáthraíonn, nó a thugann le tuiscint go soláthraíonn sé nó sí, seirbhísí dlí mar abhcóide—
 - (i) cibé acu ar tháille nó a mhalairt,
 - (ii) cibé acu faoi chonradh seirbhíse nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí nó a mhalairt, agus
 - (iii) cibé acu, á dhéanamh sin dó nó di, a thugann sé nó sí “abhcóide” nó “abhcóide dlí” de thuirisc air féin nó uirthi féin nó nach dtugann, nó a úsáideann sé nó sí thairis sin an teideal “abhcóide” nó “abhcóide dlí” nó nach n-úsáideann”;

Ciallaíonn “abhcóide cáilithe” duine—

- (a) atá glactha ag Cumann Onórach Óstaí na Rí le haghaidh céim Abhcóide Dlí nó atá glaoite chun Barra na hÉireann, seachas i gcás, tar éis é nó í a ghlacadh le haghaidh na céime sin nó a ghlaoch amhlaidh—
 - (i) go mbeidh sé nó sí glactha mar aturnae,
 - (ii) go mbeidh sé nó sí díbharraithe, roimh an dáta a thiocfaidh Cuid 6 i ngníomh, ag Binseoirí Chumann Onórach Óstaí na Rí, i gcás go mbeidh éifeacht fós leis an díbharrú sin, nó
 - (iii) go mbeidh a ainm nó a hainm scriosta de rolla na n-abhcóidí cleachtacha nó de rolla na n-atornaetha cleachtacha ag an Ard-Chúirt, is ordú a mbeidh éifeacht fós leis,nó,
- (b) is aturnae cláraithe, ag a bhfuil an ceart céanna éisteachta atá ag abhcóide cleachtach nó ag aturnae atá cáilithe chun cleachtadh de bhua Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú), 2003 (I.R. Uimh. 732 de 2003);

Soláthraíonn duine seirbhísí dlí mar abhcóide i gcás go ndéanann sé nó sí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas

- (i) i ndáil le himeachtaí os comhair cúirte, binse nó fóram eadrána, cibé acu sa Stát nó i ndlínse eile, nó an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta-
- (ii) feidhmiú ar son duine eile os comhair na cúirte sin, an bhinse sin, an fhórait sin nó an Bhoird sin sna himeachtaí sin,
- (iii) imeachtaí den sórt sin a thabhairt ar aghaidh nó a chosaint thar ceann duine eile,
- (iv) comhairle a thabhairt do dhuine eile i ndáil le stiúradh na n-imeachtaí,
- (v) feidhmiú ar son duine eile agus comhairle a thabhairt dó nó di d'fhonn teacht ar aon socrú sna himeachtaí nó éifeacht a thabhairt d'aon socrú sna himeachtaí, nó
- (vi) doiciméid a tharraingt nó a dhréachtú do dhuine eile in oirchill na n-imeachtaí sin, atá coimhdeach leis na himeachtaí sin nó i dtaca leis na himeachtaí sin;
- (vii) comhairle dlí a sholáthar do dhuine eile;
- (viii) doiciméid a tharraingt nó a dhréachtú do dhuine eile arb éard is cuspóir dóibh ceart dlíthiúil nó teidlíocht dhlíthiúil a áirithiú nó a aistriú do dhuine;
- (ix) feidhmiú nó gníomhú ar son duine eile i gcás ina bhfuil cearta nó oibleagáidí dlíthiúla duine á mbunú nó ar dócha go mbunófar cearta nó oibleagáidí den sórt sin nó ina bhfuil cearta nó oibleagáidí den sórt sin faoi dhíospóid, nó ar dóigh dóibh a bheith faoi dhíospóid.

Ciallaíonn “comhairle dlí” aon chomhairle ó bhéal nó i scríbhinn-

- (a) i dtaobh fheidhmiú an dlí (cibé acu dlí an Stáit, stáit eile den Aontas Eorpach, an dlí idirnáisiúnta, nó teaghlaim díobh sin) maidir le haon imthosca áirithe a d'éirigh, nó is dócha a éireoidh, i ndáil le duine, agus
- (b) i dtaobh aon chaingne ba chúí do dhuine a thionscnamh nó ba chúí a thionscnamh thar ceann duine (cibé acu an duine dá dtagraítear i mír (a) nó duine eile) ag féachaint d'fheidhmiú an dlí maidir leis na himthosca sin,

ach ní fholaíonn sé tuairim maidir le feidhmiú an dlí a thabharfaidh an duine do dhuine eile i gcúrsa-

- (i) a bheith ag léachtóireacht nó ag múineadh i réimse den dlí, mar chuid de chúrsa oideachais nó oiliúna,
- (ii) a bheith ag scríobh leabhair, tuarascála nó ailt, nó ag déanamh eagarthóireachta ar an gcéanna, nó
- (iii) a bheith ag déanamh taighde i réimse den dlí, d'fhonn cur leis an eolas atá ag an duine eile ar an réimse lena mbaineann.